BLAG

Ghlac mé páirt i gcomórtas díospóireachta ar scoil an tseachtain seo chaite agus creid nó ná creid, bhuaigh mé! Fuair mé dhá thicéad don zú i lár na cathrach. Bhí mé ar mhuin na muice. Mar is eol duit, is breá liom ainmhithe. Bhuail mé le mo chara Gearóid tar éis scoile agus thug mé cuireadh dó dul liom. Ghlac sé leis an gcuireadh, buíochas le Dia agus fuaireamar an bus Dé Sathairn go dtí an zú.

Chaitheamar an turas ag pleidhcíocht agus ag insint scéalta. Shroicheamar an áit ar a ceathair a chlog agus bhrostaíomor go bialann ar dtús mar bhí ocras an domhain orainn. D'ith mé sceallóga agus borgaire agus d'fhéach mé ar na míorchait (meerkats) a bhí ag súgradh le chéile lasmuigh den fhuinneog.

Ina dhiaidh sin, thugamar cuairt ar na hainmhithe go léir. Bhain mé an-taitneamh as na moncaithe mar cheap mé go raibh siad greannmhar agus siamsúil. Níor bhain mé taitneamh as an aimsir, áfach. Thosaigh sé ag cur báistí agus níor stad sé. Bhí mé fliuch go craiceann nuair a d'fhill mé abhaile ar a ceathrú chun a hocht. Cheap mo mháthair go raibh mé tinn ach bhí mé tuirseach traochta. Chodail mé go sámh an oíche sin, mise á rá leat!



teagascteanga.com